**Foirm iarratais**

# Gradalm do Phríomhchathracha na hEorpa um an gCuimsiú agus um an Éagsúlacht 2026

**Spriocdháta:** 30 Eanáir 2026 (12.00 CET)

**Tabhair do d'aire:**

- Is mar thagairt amháin a úsáidtear an doiciméad Word seo.
- Ní mór iarratais a chur isteach trí **chlárú ar líne** (ar an leathanach gréasáin iarratais amháin).
- Tá spásanna san áireamh san **uaslíon léirithe carachtar** atá ar fáil do gach freagra.
- B'fhearr foirmeacha iarratais a líonadh **i mBéarla, ach glacfar le teangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais**. Déanfar na foirmeacha sin a aistriú trí aistritheoir uathoibrithe a úsáid. Ní ghlacfar le haon teanga eile.
- Ní chuirfear tábhacht mhór i gcáilíocht teanga d'iarratas sa mheastóireacht a dhéanfar air. Is é an t-ábhar lena leagtar amach do straitéisí, do bheartais agus do thionscnaimh maidir leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú a bheidh cinntitheach maidir leis an seans a bheidh agat an gradam a bhuachan.
- Ná cuir isteach naisc chuig ábhair eile i dtéacs an iarratais. Ní mór gach eolas breise a chur sa cheangaltán PowerPoint 10 sleamhnán atá ceadaithe, agus sa cheangaltán sin amháin. Ní dhéanfar anailís ar na naisc sin.
- Ní dhéanfar meastóireacht ach ar iarratais a chomhlíonann na **critéir incháilitheachta** de réir na gcritéar dámhachtana.
- Sula líonfaidh tú an fhoirm, léigh go grinn an **Nóta Treorach** agus **Rialacha an Chomórtais** a ghabhann léi, atá ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.
- Tá an Rúnaíocht ar fáil chun aon cheist a d'fhéadfadh a bheith agat a bhaineann leis na foirmeacha a líonadh  a fhreagairt go soiléir.

**A/**

| **CINEÁL AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL** |
|---|
| **Ainm an údaráis áitiúil (baile, cathair nó réigiún):**<br>**Tír:**<br>**Méid: (daonra)**<br>**Cur síos gairid ar d'údarás áitiúil (1 000 carachtar ar a mhéad)[1]** |

**B/**

| **CINEÁL AGUS RAON FEIDHME NA dTIONSCNAMH** |
|---|
| **1. Tabhair tuairisc ghinearálta ar raon iomlán do thionscnamh lena dtugtar aghaidh ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú, agus tabhair roinnt sonraí maidir leis na haidhmeanna, na cuspóirí agus na cineálacha gníomhaíochta atá i gceist. Sainaithin na grúpaí sonracha uile ar a bhfuil do thionscnaimh dírithe (bunaithe ar na forais seo a leanas: gnéas, aois, míchumas, reiligiún nó creideamh, bunadh eitneach nó ciníoch, féiniúlacht LADTIA). Meastar gur buntáiste é cur chuige trasnach sna tionscnaimh sin. Tabhair léiriú éigin ar mhéid na hinfheistíochta sna tionscnaimh sin, agus ar an raon réimsí beartais a chumhdaítear, lena n-áirítear aon ghníomhaíocht a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú mar shaincheist laistigh de lucht saothair na n-údarás áitiúil.**<br><br>**3 000 carachtar ar a mhéad** |

**Is féidir ábhar Roinn B den fhoirm iarratais a úsáid le haghaidh fógraíochta (foilsiú ar shuíomh gréasáin an Ghradaim, i mbróisiúr, srl.)*

**C/**

| **ÚINÉIREACHT / LEIBHÉAL TIOMANTAIS** |
|---|
| **1. Déan cur síos ar an gcur chuige ginearálta i leith na héagsúlachta agus an chuimsithe i d'údarás áitiúil trí na nithe seo a leanas a shainaithint agus roinnt sonraí a thabhairt i ndáil** |

[1] Déanfar focail a sháraíonn uasteorainn na gcarachtar a bhaint ón bhfreagra.

| |
|---|
| **leo: aon ráiteas beartais ardleibhéil agus/nó aon straitéis/plean gníomhaíochta tiomnaithe maidir leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú agus/nó doiciméad eile lena dtugtar aghaidh go sonrach ar ghné den éagsúlacht agus cuimsiú, atá á chur chun feidhme ag d'údarás áitiúil; Cé ag a bhfuil an fhreagracht i struchtúir d'údarás áitiúil as an éagsúlacht agus cuimsiú agus cad iad na hacmhainní daonna agus airgeadais a chuirtear ar fáil chun an réimse sin a bhainistiú; na córais phríomhshruthaithe atá i bhfeidhm chun an bhéim sin ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú a thabhairt isteach in obair agus cinnteoireacht níos leithne an údaráis áitiúil, ; agus tionscnaimh chun ceannasaíocht a thabhairt d'earnálacha seachtracha agus páirt a thabhairt dóibh, an earnáil phríobháideach, cuir i gcás, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna éagsúlachta agus cuimsithe. Cuir in iúl freisin, an bhfuil Cairt um an Éagsúlacht sínithe ag d'údarás áitiúil agus an bhfuil sé ina bhall den Chairt Náisiúnta um an Éagsúlacht; agus má tá d'údarás áitiúil ina bhall d'aon líonra níos leithne a dhíríonn ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú.**<br><br>**2 000 carachtar ar a mhéad** |

**D/**

| **TIONCHAR** |
|---|
| **1. Conas a chuir na tionscnaimh atá glactha ag d'údarás áitiúil feabhas ar staid agus ar thaithí daoine atá neamhchosanta ar idirdhealú (bunaithe ar na forais seo a leanas: gnéas, aois, míchumas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, agus/nó féiniúlacht LADTIA) agus/nó conas a thug siad aghaidh go héifeachtach ar na riachtanais ar leith atá acu? I do fhreagra, sainaithin na táscairí is tábhachtaí a úsáideadh agus na spriocanna is tábhachtaí a leagadh síos (le haghaidh na spriocghrúpaí éagsúla, más féidir), agus tabhair príomhshonraí cainníochtúla agus/nó cáilíochtúla maidir leis na haschuir ghearrthéarmacha, na torthaí meántéarmacha agus an tionchar fadtéarmach a baineadh amach, agus léiriú éigin ar conas a dhearbhaítear na sonraí sin agus cé a dhéanann iad a dhearbhú.**<br><br>**2 000 litir ar a mhéad** |
| |

**E/**

| **CÁILÍOCHT AGUS INBHUANAITHEACHT NA DTIONSCNAMH** |
|---|
| **1. Conas a dhéanann d'údarás áitiúil monatóireacht agus meastóireacht ar do thionscnaimh éagsúlachta agus chuimsithe agus conas a chinntíonn d'údarás áitiúil cáilíocht na dtionscnamh sin? Cad iad na bearta a dhéanann d'údarás áitiúil chun foghlaim ó na tionscnaimh sin d'fhonn cur leis na tionscnaimh atá ann faoi láthair agus chun bonn eolais a chur faoi do thionscnaimh** |

| |
|---|
| **éagsúlachta agus cuimsithe amach anseo? Cé atá i mbun na bpróiseas sin?**<br><br>**2 000 carachtar ar a mhéad** |
| **2. Cén chaoi a gcinntíonn d'údarás áitiúil inbhuanaitheacht agus leanúnachas na dtionscnamh éagsúlachta agus cuimsithe atá ar bun aige, chun a chinntiú go leanfar leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh leis na tionscnaimh atá á ndéanamh agus go gcuirfear leis an tionscnamh/na tionscnaimh atá á ndéanamh? Sainaithin na pleananna, na próisis, na gníomhaíochtaí, na hacmhainní daonna agus an cistiú atá i bhfeidhm nó atá le cur i bhfeidhm chun éifeacht a thabhairt don tiomantas sin don inbhuanaitheacht.**<br><br>**2 000 carachtar ar a mhéad** |
| **3. Ceisteanna roghnacha nach mbeidh tionchar acu ar an meastóireacht a dhéanfar ar an iarratas. Níl sé d'oibleagáid ar an iarratasóir na ceisteanna sin a fhreagairt mura bhfuil siad ábhartha:**<br>**a. Ar bhain d'údarás áitiúil úsáid riamh as cistí an Aontais chun an éagsúlacht agus an cuimsiú a chur chun cinn?**<br>**b. Cén chaoi a gcuireann d'údarás áitiúil a chuid saoránach ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le cistí an Aontais?**<br><br>**1 000 carachtar ar a mhéad do gach ceist** |

**F/**

| **RANNPHÁIRTÍOCHT DAOINE ATÁ NEAMHCHOSANTA AR IDIRDHEALÚ** |
|---|
| **1. I gcás gach ceann de na spriocghrúpaí a shainaithnítear, tabhair tuairisc ar na struchtúir agus ar na próisis rannpháirteacha atá i bhfeidhm chun a rannpháirtíocht a chinntiú (bunaithe ar na forais seo a leanas: gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus/nó féiniúlacht LADTIA). Sainaithin cé acu a bhaineann nó nach mbaineann na struchtúir agus na próisis sin nó struchtúir agus próisis eile lena n-eagraíochtaí ionadaíocha, chomh maith le saineolaithe éagsúlachta. Sainaithin an gcuimsítear leis an rannpháirtíocht sin pleanáil, cur chun feidhme agus meastóireacht do thionscnaimh, agus do straitéisí agus do bheartais lena dtugtar aghaidh ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú.**<br><br>**2 000 carachtar ar a mhéad** |
| **2. Cad iad na gníomhaíochtaí a dhéanann d'údarás áitiúil chun acmhainní a chur ar fáil do na heagraíochtaí ionadaíocha sin agus chun tacú leo (bunaithe ar na forais seo a leanas: gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus/nó féiniúlacht LADTIA)? Sainaithin na hacmhainní agus na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil a thacaíonn lena rannpháirtíocht éifeachtach leanúnach i dtionscnaimh an údaráis áitiúil agus ina straitéisí agus beartais lena dtugtar aghaidh ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú agus má tá eagraíochtaí** |

| |
|---|
| **ionadaíocha rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta seo. Sainaithin cineál agus méid na n-acmhainní sin agus an bhfuil na tacaíochtaí sin fós ann agus á gcur ar fáil go bliantúil.**<br><br>**2 000 carachtar ar a mhéad** |

**G/**

| CÉN FÁTH A BHFUIL AN GRADAM TUILLTE AG D'ÚDARÁS ÁITIÚIL? |
|---|
| **1. Maidir le cur chuige d'údaráis áitiúil agus na torthaí atá bainte amach aige i ndáil leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú, mínigh cén fáth a bhfuil an cur chuige agus na torthaí sin nuálach nó mór agus cén fáth a gcreideann d'údarás áitiúil go bhfuil an gradam tuillte aige.**<br><br>**2 000 carachtar ar a mhéad** |

**H/ CUID ÉIGEANTACH le haghaidh iarratais ar annGRADAM SONRACH D'ÚDARÁIS ÁITIÚLA: MARGAÍ SAOTHAIR CUIMSITHEACHA DO CHÁCH**

| GRADAM SONRACH D'ÚDARÁIS ÁITIÚLA: 'MARGAÍ SAOTHAIR UILECHUIMSITHEACHA DO CHÁCH' A BHAINT AMACH |
|---|
| 1. **Leag amach tuiscint agus fís d'údaráis áitiúil le haghaidh 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách' agus éagsúlacht na ndaoine (do na forais seo a leanas: gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus/nó féiniúlacht LADTIA) a dhírítear orthu leis an méid sin.** Sainaithin agus tabhair breac-chuntas maidir le haidhmeanna agus cuspóirí aon straitéis nó aon bheartas de chuid d'údaráis áitiúil chun an fhís sin a chur chun cinn.<br>**1 000 carachtar ar a mhéad** |
| 2. **Tabhair tuairisc ar thrí cinn de do phríomhthionscnaimh chun torthaí 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách' a chur chun cinn.** Ba cheart go mbeadh na trí phríomhthionscnamh sin dírithe ar chuid de na nithe seo a leanas nó ar gach ceann díobh seo a leanas:<br>• idirdhealú a chomhrac agus/nó a chosc mar a bhaineann sé le rochtain ar fhostaíocht/ghairmoideachas agus gairmoiliúint (VET);<br>• socrú a dhéanamh chun oiriúnú do riachtanais shonracha atá ag na grúpaí éagsúla bunaithe ar na forais idirdhealaithe, agus eolas uilechuimsitheach, cumarsáid agus próisis iarratais inrochtana, thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha le haghaidh deiseanna fostaíochta/gairmoideachais agus oiliúna (VET) a chinntiú agus/nó tacú leo;<br>• maidir le deiseanna fostaíochta/gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) a chruthú agus a phleanáil, go gcuirfear réimse na héagsúlachta atá bunaithe |

ar na forais idirdhealaithe sin san áireamh nuair atá na próisis á ndearadh;

- bearta spriocdhírithe a chinntiú do ghrúpaí sonracha ar fud réimse na héagsúlachta sin chun aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht agus/nó ar easpa cáilíochtaí leordhóthanacha, trí fhorbairt gairme uilechuimsitheach a chur ar fáil do chách (deiseanna oiliúna, uas-scilithe agus athscilithe) agus/nó seirbhísí gairmtreorach spriocdhírithe do ghrúpaí atá thíos le heisiamh sóisialta nó atá i mbaol idirdhealaithe;
- comhoibriú le gnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla chun tionscnaimh fostaíochta a chruthú lena ndíreofar ar chuardaitheoirí poist éagsúla (agus orthu siúd atá thíos le heisiamh sóisialta nó atá i mbaol idirdhealaithe) agus/nó feabhas a chur ar a nasc le fostóirí, cuir i gcás, trí chláir jaboiliúna, cúrsaí oiliúna, aontaí post, comhpháirtíochtaí forbartha lucht saothair agus/nó tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna);
- beartais éagsúlachta agus cuimsithe gnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla a mhapáil agus treoir a thabhairt;
- feachtais agus/nó tionscnaimh múscailte feasachta a eagrú, infheistíocht a dhéanamh iontu agus/nó tacú leo, lena leagtar béim ar na tairbhí (e.g. sóisialta agus/nó eacnamaíocha) a bhaineann le lucht saothair éagsúil agus le háiteanna oibre uilechuimsitheacha;
- tacú le cuimsiú sóisialta cuardaitheoirí poist a bhfuil gnéithe éagsúla éagsúlachta ag baint leo i bpobail áitiúla;
- infheistíocht a dhéanamh i gcóras éifeachtach scileanna áitiúla a fhorbairt (mar shampla, trí thaighde, sonraí a bhailiú, dea-chleachtais a mhalartú) chun scileanna lucht saothair agus a fheabhsú, cuir i gcás, i measc grúpaí sonracha sa réimse éagsúlachta atá bunaithe ar na forais idirdhealaithe, chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair áitiúil agus chun daoine a ullmhú do shaol na hoibre mar a bheidh sé amach anseo.

**Sainaithin na spriocghrúpaí do na tionscnaimh sin agus aon ghné thrasnach** a bhaineann leo, do na forais seo a leanas: inscne, aois, míchumas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, agus féiniúlacht LADTIA.

**Sonraigh tionchar** na dtionscnamh sin (más féidir, le haghaidh gach ceann de na spriocghrúpaí sainaitheanta) i dtéarmaí na bpríomhtháscairí agus na bpríomhspriocanna atá socraithe le haghaidh na dtionscnamh sin, agus príomhshonraí cainníochtúla agus/nó cáilíochtúla maidir lena n-aschuir ghearrthéarmacha, a dtorthaí meántéarmacha agus a dtionchair fhadtéarmacha.

**3 000 carachtar ar a mhéad**

3. **I gcás gach ceann de na spriocghrúpaí atá sainaitheanta, tabhair tuairisc** ar na struchtúir agus/nó ar na próisis chun páirt a thabhairt dóibh i dtionscnaimh d'údaráis áitiúil maidir le 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách', agus chun dul i gcomhar leo agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha. Sainaithin an gcuimsítear leis na struchtúir agus na próisis sin dearadh agus cur chun feidhme do phríomhthionscnaimh nó do phríomhthionscnamh agus aon straitéisí nó beartas atá mar bhonn taca leis na tionscnaimh sin chomh maith le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air nó orthu.

**1 000 carachtar ar a mhéad**

**I/**

| **ÁBHAIR TACAÍOCHTA** |
|---|
| Chomh maith leis an eolas atá tugtha san fhoirm iarratais, ní mór d'iarrthóirí an Dearbhú onóra a uaslódáil.<br><br>Iarrtar ar iarrthóirí freisin, más mian leo, cur i láthair 10 sleamhnán PowerPoint a uaslódáil chun láidreachtaí a n-iarratais a léiriú agus aird a dhíriú orthu.<br><br>Ní mór gach doiciméad uaslódáilte a ainmniú go hiomchuí. Ba cheart a lua go soiléir in ainm an chomhaid cad atá i gceist leis an gcomhad nó cad atá ann.<br><br>Uaslódáil an comhad: |

**J/**

| **TEAGMHÁLAÍ, NAISC GHRÉASÁIN** |
|---|
| **Ainm:**<br><br>**Post / Feidhm:**<br><br>**Uimhir theileafóin:**<br><br>**Seoladh Ríomhphoist:**<br><br>**Suíomh gréasáin oifigiúil:**<br><br>**Leathanaigh ghréasáin shonracha atá dírithe ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú:**<br><br>**Seoladh poist (chun comhfhreagras a fháil ón gCoimisiún Eorpach):** |

**SÉANADH**: Mura n-iarrfaidh an t-iarratasóir rannpháirteach a mhalairt go sainráite, is féidir na téacsanna cur i láthair a cuireadh isteach a chur ar fáil don phobal ag https://eu-diversity-inclusion.campaign.europa.eu. Le próiseáil sonraí pearsanta, déanfar ceanglais Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh.